


# Coróinvíreas COVID-19



Coróinvíreas  
**COVID-19**  
Comhairle  
Sláinte Poiblí

## Na Fíricí

### Na Daoine atá sa Bhaol is Mó

- Aon duine a bhí i réigiún atá thíos leis an víreas sna 14 lá seo a chuaigh thart **AGUS** a bhfuil siomptóim air/uirthi
- Aon duine a bhí i ndlúth-theagmháil le cás deimhnithe nó dóchúil COVID-19 (Coróinvíreas) sna 14 lá seo a chuaigh thart **AGUS** a bhfuil siomptóim air/uirthi

### Cosc



#### Nigh

do lámha go maith agus go minic chun éilliú a sheachaint



#### Cumhdaigh

do bhéal/do shrón le ciarsúr páipéir nó muinchille agus tú ag déanamh casachta nó sraotha agus faigh réidh leis an gciarsúr páipéir ansin



#### Seachain

teagmháil le do shúile, do shrón agus do bhéal nuair atá do lámha neamhghlan



#### Glan

agus dífhabhtaigh rudaí agus dromchlaí a dteagmhaítear leo go minic

### Siomptóim

> Casacht > Giorra Anála > Deacrachtaí Análaithe > Fiabhras (Ardteocht)

### Réigiúin atá Thíos leis an Víreas

Caith súil ar an liosta réigiún atá thíos leis an víreas ar [www.hse.ie](http://www.hse.ie)

### Na nithe atá le déanamh má tá tú i mbaol

**Bhí mé i réigiún atá thíos leis an víreas sna 14 lá seo a chuaigh thart agus**

#### TÁ siomptóim orm

1. Fan glan ar dhaoine eile
2. Cuir glao ar do lia-chleachtóir ginearálta gan mhoill
3. Mura bhfuil lia-chleachtóir ginearálta agat, cuir glao ar 112 nó ar 999

#### NÍL aon siomptóim orm

Chun comhairle a fháil, téigh chuig [www.hse.ie](http://www.hse.ie)

**Bhí mé i ndlúth-theagmháil le cás deimhnithe nó dóchúil COVID-19 (Coróinvíreas) sna 14 lá seo a chuaigh thart agus**

#### TÁ siomptóim orm

1. Fan glan ar dhaoine eile
2. Cuir glao ar do lia-chleachtóir ginearálta gan mhoill
3. Mura bhfuil lia-chleachtóir ginearálta agat, cuir glao ar 112 nó ar 999

#### NÍL aon siomptóim orm

Chun comhairle a fháil, téigh chuig [www.hse.ie](http://www.hse.ie)

**Chun an tEolas is**

**Deireanaí a Fháil Gach Lá, téigh chuig**

[www.gov.ie/health-covid-19](http://www.gov.ie/health-covid-19)  
[www.hse.ie](http://www.hse.ie)

